AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.11.2022
C(2022) 8280 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.11.2022**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún[1] an 31 Eanáir 2022 agus tá sé i bhfeidhm ón 8 Eanáir 2022. Chuir na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT faoi bhráid an Choimisiúin an 31 Nollaig 2021 ar a dhéanaí, d’fhonn go bhformheasfaidh an Coimisiún iad roimh an 31 Nollaig 2022. Tar éis na Pleananna Straitéiseacha sin a fháil agus an réamhscrúdú a rinne seirbhísí an Choimisiúin ar na comhaid sin, is cosúil go bhfuil gá le roinnt oiriúnuithe ar an reachtaíocht thánaisteach chun cur i bhfeidhm sábháilte reachtaíocht an Aontais a áirithiú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúcháin, le saineolaithe ó na 27 mBallstát uile, laistigh den Sainghrúpa maidir le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2021/2115, go háirithe le linn chruinnithe an 22 Márta, an 25 Márta agus an 31 Bealtaine 2022. Leis na cruinnithe sin, bhíothas in ann smaointe an Choimisiúin a chur i láthair maidir le raon feidhme an ghnímh tharmligthe agus maidir leis na modhnuithe is gá ar Airteagal 12(3), Airteagal 14(g), Airteagal 17(8), Airteagal 22(5), Airteagal 31(2), Airteagal 32a agus Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/126, chomh maith le malartú tuairimí leis na saineolaithe. Ansin rinneadh an gníomh tarmligthe a bheachtú agus barúlacha agus tráchtanna na saineolaithe á gcur san áireamh. Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí 4 seachtaine ar tháinig deireadh leis an 3 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún seacht mbarúil ó pháirtithe leasmhara. Ní thugann aon cheann acu le tuiscint modhnuithe ar an ngníomh dlí atá beartaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear Airteagal 12(3), Airteagal 14, Airteagal 17(8), Airteagal 21(1), Airteagal 22(4), Airteagal 22(5), Airteagal 23(1), Airteagal 26(1), Airteagal 27, Airteagal 31(2), Airteagal 31(7), Airteagal 33, Airteagal 40(3) agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/126. Leis an ngníomh tarmligthe, tugtar isteach Airteagal 32a nua i Rialachán (AE) 2022/126.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.11.2022**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013[2], agus go háirithe Airteagal 45, pointí (a) go (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún[3], déantar foráil maidir le ceanglais bhreise le haghaidh dearadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú i bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát. Is gá roinnt de na ceanglais sin a shoiléiriú agus a cheartú chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do na Ballstáit agus do na tairbhithe maidir le dearadh agus cur chun feidhme a bPleananna Straitéiseacha CBT agus cineálacha idirghabhála.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na costais bhreise a thabhaítear agus an t-ioncam a tharscaoiltear de thoradh na n-idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide a cuireadh chun feidhme, agus an caiteachas a bheidh le cumhdach á chinneadh. Ós rud é go gcumhdaítear costas iomlán an chaiteachais i gcás infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe agus, dá bhrí sin, nach ann do chostais dhifreálacha, ní chuirfear na hinfheistíochtaí sin san áireamh agus an caiteachas atá le cumhdach mar thoradh ar idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide á chinneadh.

(3) Le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, liostaítear cuspóirí na n-idirghabhálacha cur chun cinn, cumarsáide agus margaíochta, orthu sin tá cur le

2 IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

feasacht tomhaltóirí ar bhrandaí nó trádmharcanna eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí trasnáisiúnta tomhaltóirí, comhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí. Ba cheart síneadh a chur leis na hidirghabhálacha sin chuig fochuideachtaí na n-eagraíochtaí sin mar a fhoráiltear sa chóras roimhe sin faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún[4].

(4) Ina theannta sin, ba cheart cuspóir nua a chur leis an liosta cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 chun na cuspóirí sonracha agus earnála a leagtar síos in Airteagal 6(1), pointe (i), agus Airteagal 46, pointe (i), faoi seach, de Rialachán (AE) 2021/2115 a áireamh.

(5) Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú i mír ar leithligh d'Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 go bhfuil feidhm ag an oibleagáid suaitheantas an Aontais agus an ráiteas cistiúcháin a thaispeáint maidir le cur chun cinn cineálach agus cur chun cinn scéimeanna cáilíochta. Is gá, dá bhrí sin, téacs nua a chur in ionad Airteagal 14 ina iomláine.

(6) A mhéid a bhaineann le hidirghabháil 'glasbhuainte' dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, go contrártha leis an méid dá bhforáiltear i mír 8, pointe (b), den Airteagal sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na táirgí buainte a dhínádúrú ionas nach mbeidh siad ag dul isteach sa slabhra margaidh arís. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhoráil sin a leasú dá réir.

(7) Chun bainistiú sábháilte agus fónta chistí an Aontais a ráthú, tá sé iomchuí foráil a dhéanamh gur cheart íocaíocht na tacaíochta a bheith bunaithe ar chostais réasúnacha iarbhír arna dtabhú ag an tairbhí. Ba cheart Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/126 a leasú dá réir sin.

(8) Ós rud é go bhféadfadh roinnt idirghabhálacha rannchuidiú le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide nó le cuspóirí taighde, forbartha nó modhanna táirgthe inbhuanaithe agus le cuspóirí eile chomh maith, ní mór a shoiléiriú conas a mheasfaidh na Ballstáit go bhfuil na hidirghabhálacha sin nasctha go heisiach leis na cuspóirí sin agus tá siad leis na hidirghabhálacha a áireamh mar rannchuidiú leis an 15 % agus an 2 % de chaiteachas atá nasctha le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide nó le cuspóir taighde, forbartha nó modhanna táirgthe inbhuanaithe. Chun críoch simplithe, ba cheart caiteachas atá nasctha le hidirghabhálacha a rannchuidíonn go mór agus go díreach le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide a mheas mar chaiteachas a rannchuidíonn go heisiach leis na cuspóirí sin. Ba cheart Airteagal 22(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/126 a leasú dá réir sin.

(9) Chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfidh na Ballstáit rannchuidiú na n-idirghabhálacha leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 46, pointí (a) go (k), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus in Airteagal 57, pointí (a) go (k), den Rialachán sin a áireamh, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos i leith na tréimhse a bheidh le meas. Dá bhrí sin, ba cheart mír nua a chur isteach in Airteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126.

---

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

(10) A mhéid a bhaineann leis an gcaiteachas arna íoc ar chostais riaracháin agus ar chostais phearsanra, déantar foráil go mícheart le hAirteagal 23(1), an cúigiú fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 maidir le teorainn 50 % den chostas foriomlán maidir le 'bearta agus gníomhaíochtaí margaíochta'. Dá bhrí sin, ba cheart an fhoráil sin a cheartú dá réir.

(11) In Airteagal 26(1) agus Airteagal 27(2), an tríú fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, tá rialacha maidir le huasleibhéal an chúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh aistarraingtí ón margadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le haistarraingtí le haghaidh dáileadh saor in aisce torthaí agus glasraí próiseáilte, a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, a dhéantar ó tháirgí a aistarraingíodh. I bhfianaise ábhair imní na mBallstát maidir le cur chun feidhme na rialacha sin, ba cheart na forálacha sin a shoiléiriú. D'fhonn aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart an tacaíocht airgeadais a bhunú, i measc nithe eile, ar mheánphraghas margaidh 'iar-eagraíocht táirgeoirí' na dtáirgí lena mbaineann agus iad úr seachas ar an leibhéal próiseála. Ina theannta sin, níor cheart ach na costais phróiseála a chúiteamh le híocaíocht chomhchineáil as dáileadh saor in aisce táirgí a aistarraingíodh agus iad á bpróiseáil. Ba cheart costais iompair a eisiamh ag an gcéim sin ó ríomh an chúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh aistarraingtí ón margadh.

(12) Le hAirteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, leagtar síos rialacha maidir le luach an táirgthe mhargaithe a ríomh a mhéid a bhaineann le hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115. Mar sin féin, an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 31(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 lena gceanglaítear ar na Ballstáit a léiriú ina bPleananna Straitéiseacha CBT an chaoi a ríomhtar luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh gach earnála, níor cheart feidhm a bheith aici maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh in Airteagal 31(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 maidir leis an bhféidearthacht luach an táirgthe mhargaithe a ríomh i gcás ina bhfuil fochuideachta faoi chomhúinéireacht ag níos mó ná eagraíocht amháin.

(13) D'fhonn saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach idir baill d'eagraíochtaí trasnáisiúnta táirgeoirí nó de chomhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag coinníollacha agus rialacha comhionanna maidir le gach ball de na heagraíochtaí sin gan beann ar a suíomhanna geografacha. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh gur cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha agus na rialacha arna mbunú ag na Ballstáit ina bhfuil a ceannoifig ag an eagraíocht. Dá bhrí sin, ba cheart foráil nua a bhunú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126.

(14) Ba cheart méideanna arna socrú le haghaidh costais cóiriúcháin maidir le haistarraingtí margaidh le haghaidh dáileadh saor in aisce in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mheas mar uasmhéideanna seachas mar chnapshuimeanna. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/126 a leasú dá réir sin.

(15) D'fhonn a fhágáil gur féidir le scoileanna poiblí in Vitivinicultura ar saothróirí fíniúna iad freisin tairbhe a bhaint as idirghabhálacha in earnáil an fhíona, ba cheart Airteagal 40(3) a leasú dá réir.

(16) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, liostaítear cineálacha caiteachas neamh-incháilithe maidir le hidirghabhálacha earnála dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115. Ba cheart coinníollacha a

bhaineann le neamh-incháilitheacht cineálacha caiteachas áirithe a shoiléiriú chun raon feidhme na hIarscríbhinne sin a theorannú. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a leasú.

(17) Ós rud é go leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le hidirghabhálacha earnála, ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2023, chun cothrom iomaíochta agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na Ballstáit agus do na tairbhithe lena mbaineann na hidirghabhálacha earnála sin.

(18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 a leasú agus a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 mar a leanas:

(1) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Agus an caiteachas a bheidh le cumhdach á chinneadh, cé is moite d’infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na costais bhreise a thabhaítear agus ioncam a tharscaoiltear de thoradh na n-idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide a cuireadh chun feidhme, agus na spriocanna a socraíodh.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘*Airteagal 14*

**Cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht**

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha cur chun cinn, cumarsáide agus margaíochta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT go saothrófar ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear:

(a) feasacht a mhéadú maidir le fiúntais tháirgí talmhaíochta an Aontais agus leis na caighdeáin arda is infheidhme maidir lena modhanna táirgthe san Aontas;

(b) iomaíochas agus tomhaltas tháirgí talmhaíochta an Aontais agus táirgí próiseáilte áirithe a tháirgtear san Aontas a mhéadú agus a bpróifíl laistigh agus lasmuigh den Aontas a ardú le haghaidh earnálacha seachas earnáil an fhíona;

(c) feasacht a mhéadú faoi scéimeanna cáilíochta an Aontais laistigh agus lasmuigh den Aontas;

(d) sciar den mhargadh ag táirgí talmhaíochta an Aontais agus de tháirgí próiseáilte áirithe a tháirgtear san Aontas a mhéadú, ag díriú go sonrach ar na margaí i dtríú tíortha a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu;

(e) rannchuidiú, i gcás inarb ábhartha, le gnáth-dhálaí an mhargaidh a athbhunú i margadh an Aontais i gcás ina mbeadh suaitheadh tromchúiseach sa mhargadh, laghdú ar mhuinín na dtomhaltóirí nó fadhbanna sonracha eile;

(f) feasacht a mhéadú maidir le táirgeadh inbhuanaithe;

(g) feasacht tomhaltóirí a mhéadú maidir le brandaí agus trádmharcanna eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí agus a bhfochuideachtaí de réir bhrí Airteagal 31(7) den Rialachán seo in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí;

(h) na margaí a éagsúlú, a oscailt agus a chomhdhlúthú le haghaidh fhíonta an Aontais i dtríú tíortha agus feasacht a mhéadú maidir le cáilíochtaí intreacha fhíonta an Aontais ar na margaí sin. Ní fhéadfar tagairt do thionscnamh fíona nó do bhrandaí fíona a úsáid ach amháin i gcás ina gcomhlánófar cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht fhíonta an Aontais i dtríú tíortha leis an tagairt sin;

(i) tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le fíon a thomhailt ar bhealach freagrach;

(j) tomhailt torthaí agus glasraí úra nó próiseáilte a mhéadú trí fheasacht tomhaltóirí a fheabhsú maidir le haistí bia sláintiúla, saintréithe cothaitheacha an táirge, ardcháilíocht agus sábháilteacht an táirge.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh suaitheantas an Aontais ar ábhar fógraíochta le haghaidh cur chun cinn cineálach agus cur chun cinn lipéad cáilíochta agus go mbeidh an ráiteas cistiúcháin seo a leanas air: 'Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach'. Taispeánfar suaitheantas agus ráiteas cistiúcháin an Aontais i gcomhréir leis na saintréithe teicniúla a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 821/2014 ón gCoimisiún*.

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 821/2014 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe mionsonraithe i leith aistriú agus bhainistiú na ranníocaíochtaí cláir, an tuairisciú ar ionstraimí airgeadais, saintréithe teicniúla na mbeart faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta le haghaidh oibríochtaí agus an córas chun sonraí a thaifeadadh agus a stóráil (IO L 223, 29.7.2014, lch. 7).';

(3) in Airteagal 21(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le híocaíochtaí tacaíochta ar bhonn na gcostas réasúnacha iarbhír arna dtabhú ag an tairbhí, costais a léirítear le doiciméid, amhail sonraisc, a chuirfidh na tairbhithe isteach chun idirghabháil a shonraítear ina bPlean Straitéiseach CBT a chur chun feidhme.';

(4) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Caiteachas a bhaineann le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 den Rialachán seo a bhfuil cuspóirí agra-comhshaoil-aeráide á saothrú acu, ach ní go heisiach, measfar iad a bheith nasctha go heisiach leis na cuspóirí sin ar choinníoll go rannchuidíonn na hidirghabhálacha sin go díreach agus go mór leis na cuspóirí sin. Déanfar an caiteachas iomlán a ríomh in aghaidh an 15 % agus an 2 % de chaiteachas faoi chláir oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 50(7), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, faoi seach, agus in aghaidh an 5 % de chaiteachas faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 60(4) den Rialachán sin.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. Caiteachas atá nasctha le hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115 lena rannchuidítear leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 46, pointí (a) go (k), nó in Airteagal 57, pointí (a) go (k), den Rialachán sin, déanfar é a ríomh ag cur san áireamh tréimhse iomlán na gclár oibríochtúil i gcás na gcineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (d), (e) agus (f), den Rialachán sin nó gach bliain airgeadais i gcás na gcineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (c), den Rialachán sin.’;

(5) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir leis an gcineál idirghabhála ‘aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce nó le haghaidh cinn scríbe eile’ dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, i ndáil leis na torthaí agus glasraí a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, costais cóiriúcháin na dtáirgí a aistarraingíodh le haghaidh dáileadh saor in aisce dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán seo, agus iad á gcur leis an méid tacaíochta d’aistarraingtí ón margadh, ní rachaidh siad thar 80 % de mheánphraghas margaidh ‘iar-eagraíocht táirgeoirí’ an táirge lena mbaineann ar leibhéal na céime úire sna 3 bliana roimhe sin.’;

(6) in Airteagal 27(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Féadfaidh na Ballstáit íocaíocht chomhchineáil a cheadú ó thairbhithe dáilte saor in aisce le próiseálaithe táirgí a aistarraingítear ón margadh agus atá á bpróiseáil, i gcás nach ndéanfar ach costais phróiseála a chúiteamh leis an íocaíocht sin agus i gcás inar ghlac an Ballstát ina ndéanfar an íocaíocht rialacha lena n-áiritheofaí go mbeidh na táirgí próiseáilte beartaithe lena gcaitheamh ag na faighteoirí deiridh dá dtagraítear sa chéad fomhír den mhír seo. Beidh feidhm ag an teorainn a leagtar síos in Airteagal 26(1). ’;

(7) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Déanfar luach an táirgthe mhargaithe a ríomh nuair a bheidh na táirgí úr nó ag an gcéad chéim phróiseála ar a margaítear an táirge de ghnáth, ar an mórchóir i gcás inar féidir táirgí a mhargú ar an mórchóir, agus ní áireofar leis sin an costas ar thuilleadh próiseála ná an costas ar thuilleadh cóiriúcháin ná luach na dtáirgí próiseáilte deiridh. Maidir leis na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, cuirfidh na Ballstáit in iúl ina bPleananna Straitéiseacha CBT an chaoi a ríomhtar luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh gach earnála.’;

(b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) i seilbh ceann amháin nó níos mó eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí nó grúpaí táirgeoirí; nó’;

(8) i dTeideal III, Caibidil II, cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

‘Roinn 4

***CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLACHA ARNA gCUR CHUN FEIDHME AG EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ TRASNÁISIÚNTA AGUS COMHLACHAIS THRASNÁISIÚNTA EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ***

*Airteagal 32a*

***Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le cineálacha idirghabhálacha arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus comhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí***

Na cineálacha idirghabhála faoi chláir oibríochtúla arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus comhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí, comhlíonfaidh siad an plean straitéiseach náisiúnta agus rialacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil ceannoifig na heagraíochta trasnáisiúnta táirgeoirí nó an chomhlachais thrasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal 14 nó 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún*.

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).’;

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

‘*Airteagal 33*

***Costais cóiriúcháin le haghaidh dáileadh saor in aisce***

Maidir le caiteachas a íoc leis an eagraíocht táirgeoirí, leis an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, leis an eagraíocht táirgeoirí thrasnáisiúnta, nó leis an gcomhlachas trasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí a bhaineann leis na costais cóiriúcháin maidir le torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce faoi chláir oibríochtúla, ní bheidh siad níos mó ná méid na gcostas a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír maidir le torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh i gcás ina ndéantar dáileadh saor in aisce tar éis a bpróiseála.’;

(10) in Airteagal 40(3), cuirtear isteach pointe (c) nua mar a leanas:

‘(c) le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna gcur chun feidhme ag scoileanna poiblí in Vitivinicultura ar saothraithe fíniúna iad freisin.’;

(11) in Iarscríbhinn II, leasaítear Cuid I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

‘2. Aisíoc iasachtaí a thógtar amach le haghaidh idirghabhála ar tosaíodh ar a cur chun feidhme roimh thús an chláir oibríochtúil.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

’12. Idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 11 nach ndéantar ar ghabháltais agus/nó ar áitribh na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, ná a gcomhaltaí ar táirgeoirí iad, ná fochuideachta, ná eintitis laistigh de shlabhra

fochuideachtaí de réir bhrí Airteagal 31(7), nó atá faoi réir formheas Ballstáit, ag comharchumann atá ina chomhalta d'eagraíocht táirgeoirí.

*Airteagal 2*

***Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126***

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 mar a leanas:

(1) in Airteagal 17(8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) déanfar na táirgí buainte a dhínádúrú;';

(2) in Airteagal 23(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

'Maidir leis na hidirghabhálacha 'cur chun cinn, cumarsáid' agus 'gníomhaíochtaí cumarsáide" dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (f), agus (2), pointe (l), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann eagraíochtaí idirchraoibhe agus an cur chun cinn agus an chumarsáid a dhéantar i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (i), (j) agus (k), den Rialachán sin, ní rachaidh an caiteachas a íoctar as na costais riaracháin agus pearsanra arna dtabhú ag na tairbhithe go díreach thar 50 % de chostas foriomlán na hidirghabhála.'.

*Airteagal 3*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.11.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*